# AMÁRAĊ

3d

## Guṫ na Gaeltaċta

Foillsiṫe gaċ Diardaoin.
Nuaċtan seaċtainiúl na Gaeltaċta.
Ábar fógraíoċta agus eagarṫóireaċta ċuig:— AMÁRAĊ, Ceanannus Mór.

Iml. 11. Uiṁ. 43.

Aoine, 3ú Nollaig, 1965.


EAGARFOCAL. 3-12-1965.

## Sáirséal agus Dill

Le déanaí tá sé na scéala go ḃfuil Comluċt foilsiṫe Sáirseál agus Dill, le dúnaḋ ag deireaḋ na bliana seo, toisc naċ ḃfuil dóṫain tacaíoċta á ḟáil acu ó ḋeontaisí Roinn an Oideaċais. agus go ḃfuil cailliúint nó fiaċa £11.000 ar an Ċomluċt i láṫair na huaire, agus naċ acṁuin dóiḃ dul ar aġaiḋ a ṫuilleaḋ.

Ó ṫaoḃ na Gaeltaċta de, is beag baint atá againn le Sáirséal agus Dill. Foilsíonn siad a gcuid leaḃar insan ċló-Rómánaċ a ḃfuil deacraċtaí móra ag pobal na Gaeltaċta a ṫuigbeáil agus a léaṁ. Níor ḟógraig an Comluċt a gcuid leaḃraí ariaṁ i bpáipéar na Gaeltaċta, agus go fios dúinn, níor iarradar fiú léarṁas ar a gcuid leaḃar insan ṗáipéar seo. Freastalann siad go príoṁḋa ar Gaeilgeoirí léannta. Aċ, is cuid bunúsaċ de iarraċt aṫbeoċána na Gaeilge Comluċt Sáirséal agus Dill, agus caiṫfear gan an ċomluċt a ligint ċun báis.

Fiċe bliain ó ṡin a ḃunaiġ roinnt daoine príoḃáideaċ an Ċomluċt. agus ó ṡin i leiṫ, d'ḟoilsiġ siad 90 leaḃar den ċéad scoṫ, i nGaeilge, agus a ċruṫú ar an éileaṁ atá ar na leaḃraí, gur ḃailiġ siad £50,000 as díol na leaḃar. Ní ḃfuair siad insan tréiṁse iomlán aċ £37,000 de ḋeontaisí ó Roinn an Oideaċais. Ḃí an Comluċt ag síor leaṫnú, agus anuraiḋ féin, ḃunaiġ siad Club Leaḃar dá gcuid féin. Ní ḃeaḋ stáid scríofa na Gaeilge. agus litríoċt na Gaeilge mar atá inniu maraċ Sáirséal agus Dill.

Ní ceist do ṁion - rialaċáin cúnga Roinn an Oideaċais é seo. Is soiléir do ḋuine ar biṫ le fada an lá, gur beag a ṫuigeann luċt Roinn an Oideaċais aċ, mion-rialaċa dá ndéanaṁ féin. Ní féidir ceist Sáirséal agus Dill, a ḟágáil i muinín na mion-rialaċa sin. Is ceist freagarṫaċta é don náisiún. Ní hé aṁáin gur fearrde don Aṫbeoċaint Sáirséal agus Dill, a ḃeiṫ ann, is riaċtanaċ don aṫbeoċaint go mbeaḋ siad ann. Agus ní hé aṁáin sin, aċ go dtiocfaḋ leaṫnú agus forbairt ṁór orṫa. Ní ceist do na fir gan aġaiḋ, i Roinn an Oideaċais é a ṫuilleaḋ; is ceist don Aire é. mar ionadaí an ṗobail agus an náisiúin. Tá gléas ceart ag an Ċomluċt seo le scríḃiní a lorg, agus a spreagaḋ, agus iad á ṫaḃairt ċun cinn go tapaí agus á ḟoilsiú gan ṁoill. Tá gléas acu ċun na leaḃair a ċur ar fáil, agus a scaipeaḋ.

Tá sé cruṫaiṫe acu, gur féidir leo sin a ḋéanaṁ, i ḃfad níos saoire agus i ḃfad níos tapúla ná na trí nó ceiṫre leaḃair a ċuireas an eagras oifigiúil, An Gúm ar fáil.

Iarraimíd mar guṫa na Gaeltaċta, ar an Aire Oideaċais a ṡocrú go cinnte go mbeiḋ an ċaḃair airgeadais atá ag teastáil. ar fáil don Ċomluċt seo, le leanúint ag foilsiú ní hé trí nó ceiṫre leaḃair sa ḃliain, aċ céad, nó cúpla céad leaḃar. Do réir a mbreiṫ insan ċás seo, a ṁeasfar dáiríreaċt an Rialtais fá aṫbeoċaint na Gaeilge, ní hé mar ábar spreagṫa, aċ mar teanga náisiúnta, agus teanga litríoċta. Tá muinín againn go nglacfaiḋ an tUasal Ó Colla an breiṫ ceart.

## Saor Seirḃísí Sláinte do Níos Mó

### Oisbidéil ag baint táillí naċ ceart

**Beiḋ aṫrú agus leaṫnú ar ċúrsaí sláinte agus doċtúraċta de réir bille nua ar tugaḋ an dara léaṁ dó sa Dáil an tseaċtain seo ċaite.**

De réir an Ḃille seo, in ionad 17 as gaċ 20 daoine sa tír, a ḃeiṫ ag fáil seirḃísí sláinte saor in aisce, beiḋ 18 as gaċ 20 á ḟáil as seo amaċ.

Ó Meán-Ḟóṁair seo caite, h-ardaíoḋ an teora ioncaim do saor-ṡeirḃísí Sláinte ó £800 go dtí £1,200 i gcás luċt na Séiṁċeard, cléiriġ agus eile. Déanfaiḋ an Bille nua an t-aṫrú céanna i gcás daoine atá ag obair dióḃṫa féin céardaiṫe agus mar sin. Ċoṁ maiṫ leis sin, ardaíotar an teora luaċáil do feirmeoirí ó £50 go dtí £60.

Dúirt an tAire Sláinte, an tUasal Ó Máille, go raiḃ gá leis na h-ardaiṫe seo, os rud é go raiḃ árdú mór ar costaisí oṫarlainne agus doċtúirí. Ó 1961 hárdaíoḋ an costas in gnáṫ ospidéal i mBaile Áṫa Cliaṫ, ó £6-6-0 sa tseaċtain go dtí £17-10-0 sa tseaċtain.

Mar sin de, ḃí sé níos deacra ag fiú daoine a ḃí saiḃir go leor, íoc asu féin ar son seirḃísí sláinte.

Ḃí scéala aige ó Ċumann na nDoċtúirí adúirt sé, ag cur i gcoinniḃ an leaṫnú seo, aċ, cé gur aontaiġ sé leo gur ċeart go mbeaḋ daoine a ḃí in ann é a ḋéanaṁ, ag íoc astu féin. Ṁeas sé naċ raiḃ an t-árdú seo ag dul ag cur isteaċ ar an ṗrionsabail sin.

Ní féadfaí táillí ar biṫ a ḃaint do na daoine a ḃí i dtiodal seirḃís a ḟáil faoi an scéim seo anois, aċ aṁáin táille naċ mó ná 10s. sa lá, ins na hospidéil ó daoine a ḃí inann é a íoc.

Uas-táille a ḃí insan méid seo, agus níor ċeart é ḃaint amaċ aċ i ḃfíor ḃeagán cásanna. Ḃí caṫú air a rá go raiḃ cuid de na hospidéil ag baint amaċ an táille seo i gcónaí. Ḃí sé sin mí-ċeart ar fad.

## Gléas Iascaireaċta Nua Aoiseaċ

**Níl an Astráil ag ligint a leas le cáirde i ngraiṫí iascaireaċta, ná níl sí i muinín móḋa sean-aimsireaċ aċ oireaḋ.**

**Le cúig bliana anuas, tá long 450 tonna. le criú agus Caiptín Meiriceánaċ ag iascaireaċt tuna ṫart timpeall New South Wales.**

**San am i láṫair, tá siad ag ullṁú ceiṫre cinn de luas-ḃádaí le h-oibriú leis an tráiléar mór. Tá eangaċ féine, a ċosnaíos £18,000 leis an tráiléar mór, agus raċaiḋ na luas-bádaí ṫart timpeall ag tiomáint an tuna isteaċ ins na h-eangaċa.**

Comluċt luċt cánalla san Ástráil a ċeannaiġ an long ar £136.000 agus a ċóiriġ i leis na gléasanna is nua aimsirí. Tá sí ábálta 450 tonna tuna a ċoinneáil reoite, agus beiḋ sí mar long stór do na bádaí beaga a ḃéas léiṫe. Tá an caiptín agus an criú Meiriceánaċ ag traenáil criú Ástráileaċ san am i láṫair.

Tá an Comluċt céanna ag forbairt Iascaireaċt Abalone cineál de slig-éisc agus tá fir ag saoṫrú £80 sa tseaċtain ag bailiú an slig-éisc seo.

An ḃliain seo caite, d'onnmuiriġ an Ástráil luaċ £7,200,000 de éisc.

## Níl Gantanas sa Ċiste Láir

Ba é an teaċt-isteaċ óna dleaċtanna custaim a ċuir rialtas Ṡasana suas tá bliain ó ṡin. ná £169 milliúin. Cad é an teaċt-isteaċ a ḃéas ó na dleaċtanna s'againne i gceann bliana?

Mar adúras go minic sa ṗáipéar seo, tá géar ṗráinn náisiúnta ann siocair go ḃfuil ár gcuid allṁuiriṫe níos mó ná ár gcuid onnṁuiriṫe. Aċ, ní ḃeiḋ aon ganntanas airgid ar an rialtas ag deireaḋ na bliana, mar tá meadú ag teaċt ar teaċt-isteaċ an rialtais, rud a ḃéas le feiscint ag deireaḋ na bliana.

Mar sin de, ní ḃeaḋ aon leiṫscéal le gearra ar biṫ a ḋéanaṁ ar airgead a ḃeaḋ ag teastáil fá ċoinne forbairt na Gaeltaċta aċ go h-áiṫrid.

## Ceaṫrú Ṫaiḋg

**Is fada táimíd ag cloisint fá na scoltaċa insan Ġaeltaċt a ḃeiṫ ag dul síos. Cuid ṁaiṫ scoltaċa naċ ḃfuil leaṫ féin an méid páistí iontu anois, agus a ḃí nuair a bunaíoḋ an stát seo.**

Is fíor ḃeag an méid scoil trí-oide nó níos mó. atá fágṫa sa nGaeltaċt, aċ, tá ceann acu ag Ceaṫrú Ṫaiḋg, anseo, agus nuair a ċeapfá go mbeiṫfí an cúramaċ le scoil dá leiṫéid agus go mbeaḋ gaċ ais is féidir dá ḟáil ag na páistí, níl h-aṁlaiḋ atá ar ċor ar biṫ.

An tseaċtain seo caite, ḃí an scéal coṁ dona, gur b'éigin do na tuismiṫeoirí na páistí a ṫabairt abaile agus stailc a ċur ar siúl.

Timpeall 100 páistí atá ag freastal ar an scoil seo. scoil triúr-oidí, aċ níl aċ ḋá ṡeomra. sa gcaoi go ḃfuil beirt do na múinteoirí ag obair in aon tseomra aṁáin, le breis agus 70 páistí.

Tá na tuismiṫeoirí ag éileaṁ scoil nua, in ionad an seana ḟoirgneaṁ a tógaḋ san 19ú aois. Agus taréis feiṫeaṁ agus fanaċt fada, ní raiḃ le déanaṁ sa deireaḋ aċ dul i muinín stailce.

**Gaeltaċt cliúteaċ isea Gaeltaċt Ceaṫrú Ṫaiḋg, san ṗaróiste céanna le Ros Duṁaċ a ḃfuil eolas fé anois ar fud na tíre go léir. Cuid í Ceaṫrú Ṫaiḋg, den Ġaeltaċt tréigṫe Ṁuiġeo Ṫuaiḋ naċ ḃfuair beagnaċ cabair ná spreagaḋ ar biṫ go fóill, mar ċeantar Gaeltaċta.**

Ṫosnaiġ an stailc Diardaoin na seaċtaine seo caite. nuair a ċoiméadaḋ na páistí go léir sa ḃaile, aċ beirt páistí an ṗríoṁ-oide, Liam de Búrca. Sin a raiḃ ar scoil as an 100 páistí atá ar rollaí.

Ḃí cainteanna ar siúl ag na tuismiṫeoirí le bainisteoir na scoile, an tAṫair S. Ó Duḃánaiġ, S.P., agus tuigtear go ḃfuil an suíoṁ fá ċoinne scoil nua ar fáil.

**Ceann de na céad rudaí a rinne rialtas dúċais in Éirinn, nó a rá go mbeaḋ deontas 100 p.c. le fáil as tógáil agus deisiú scoltaċa nua insan Ġaeltaċt. Cad ċuige mar sin naċ ḃfuil scoil nua tógṫa anseo?**

Tá sé ar intinn ag na tuismiṫeoirí dul ar aġaiḋ leis an stailc go ḃfánn siad geallúint go dtógfar an scoil nua gan a ṫuilleaḋ moille.

San am ċéanna, is uafásaċ an rud gur b'éigin é seo a ḋéanaṁ. mar beiḋ na páistí ag cailliúint i gcúrsaí oideaċais, agus beiḋ siad ar gcúl fá ċoinne dul isteaċ ar scoláireaċtaí Gaeltaċtaí Comairle Condae.

## Deontas do na hOileáin

Sa Dáil, d'ḟiafraiġ M. P. Ó Murċú, don Aire Talṁaíoċt agus Iascaiġ, as an deacraċt faoi teaċt ar breiṫ ar ċeist bainne Oileáin, agus deontaisí dó, an ḃfaiġeaḋ sé coṁairle ó eagras a mbeaḋ eolas acu faoi'n scéal, san dóiġ a dtiocfaḋ leis breiṫ a ṫaḃairt gan ṁoill ar an ċeist.

D'ḟreagair an tAire, Caṫal Mac Eoċaiḋ. T.D., nárḃ eol dó aon eagras a dtiocfaiḋ leo tuilleaḋ eolas a ṫaḃairt dó faoi deacraċtaí agus measgaċt an scéil seo.

M. P. Ó Murċú — Naċ dtiocfaḋ leis an Aire é ċur faoi ḃráid an Dairy Disposals Board, nó an dtiocfaḋ leis na deacraċtaí a ṗlé liomsa?

Caṫal Mac Eoċaiḋ, T.D. — B'ḟéidir go nglacann leis an tairiscint sin.

M. P. Ó Murċú — Tá an ċeist seo ar an ṗáipéar seo le tamall maiṫ ama. An féidir leis an Aire a rá cé'n uair a ġlacfar breiṫ.

Glactar leis an Aire mar slánaiṫeoir na ḃfeirmeoirí beaga. Cé'n uair a réitíoḋ sé ceist seo do ḟeilméaraí oileán?

An tUasal Ó hEaḋara — Naċ dtuigeann an tAire go ḃfuil daoine ag fágáil na noileán seo, agus gur ceart rud éigin a ḋéanaṁ dóiḃ.

An tUasal Ó hEoċaiḋ — Tá mé ag súil le breiṫ a ṫaḃairt roiṁ an ċéad séasúr eile.

M. P. Ó Murċú — Ní ḟánn feilméaraí oileán aon ċuid den deontas a tugtar don tionscail déiríoċta. Ní ḃíonn cuid ṁór bainne óna hoileáin insan ġeiṁreaḋ, agus mar sin de, beiḋ mé sásta má ḃíonn breiṫ againn roiṁ an ċéad séasúr eile.

C. Mac Eoċaiḋ — Sílim go mbeiḋ an scéal measta roiṁe an lú Márta.

### Na Turcaiṫe

Cé méid turcaiṫe a ḃéas á n-onnṁuiriú go Sasana i mbliana? Tá méadú an ṁór, suas go dtí breis agus 6,000,000 turcaċ déanta ar tairgeaḋ na Sasana ⁊ tá siad de gnáṫ inann freastal ar a gcuid riaċtanaisí féin anois. Níṫear ag súil go n-onnṁuineofar níos mó ná 20,000 turcaiṫe ó Éirinn. Ṫit tairgeaḋ turcaiṫe na hÉireann ar fad le cúpla bliain. Níl aċ leaṫ an méid á ṫairgeaḋ anois agus a ḃí roinnt blianta ó ṡin.

### Táille Ingearán

Sé an táille do na Comairlí Condae, as úsáid inġearán Roinn Cosanta. fá ċoinne seirḃísí tárṫála, ar cabair a ṫabairt go tapaí do oṫair, ná £67 san uair do am eitileoireaċta.